

“Óráidí Móra Agus Athruithe Beaga”: An Ghaeltacht Mar Réigiún Pleanála

*Proinnsias Breathnach, Roinn ná Tíreolaíochta,
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad*

RÉAMHRÁ: STÁDAS NA GAELTACHTA SA PHRÓISEAS PLEANÁLA

I mí na Samhna sa bhliain 1999, d'éisigh raic i nGaeltacht na Rinne sna Déise toisc go raibh sé ar intinn ag Comhairle Chontae Phort Láirge cead a thabhairt do scéim tithíochta ar thiubhas ard i gcroílár na Gaeltachta mar chuid den phlean forbartha don chontae, a bhí á ullmhú ag an am. Ar deireadh thiar, tógadh an moladh sin amach as an dréachphleán de bharr freasúra áitiúil ina choinne, ach léirigh an eachtra seo pointe tábhachtach amháin. Thaispeáin sé, ní hamháin nach bhfuil aon dualgas ar an údarás pleanála ceisteanna cultúrtha agus teanga a chur san áireamh sa phróiseas pleanála, ach nach bhfuil sé de chead acu ach oiread a leithéid a dhéanamh.

Ó shin i leith, chuir an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil leasú sa Bhille Pleanála a bhí os comhair an Oireachtas le linn don pháipéar seo a bheith á scríobh, ag moladh do na húdaráis áitiúla go gcuirfí caomhnú oidhreacht, theanga agus chultúr na Gaeltachta san áireamh sa phlean forbartha. Ach toisc go bhfuil an Ghaeltacht roinnt suas idir chontaeacha éagsúla sa chaoi is, nach bhfuil sna pobail Ghaeltachta ach mionlach i ngach ceann de na contaetha sin, fágatar an Ghaeltacht ar an imeall i gcomhthéacs phríomhchúraimí na gcomhairlí contae atá i gceist, idir chomhairleoirí tofa agus oifigigh. Sa chomhthéacs seo, nil aon chinnteacht go dtabharfar an phríomháit do chaomhnú na Gaeltachta má thagann sé salach ar cheisteanna pleanála eile. Sa chomhthéacs seo, is fadhb bhunúsach i don Ghaeltacht nach bhfuil sna húdaráis phleanála i ndáiríre ach údaráis phleanála fhisiciúla,

de dheasca an raon an-chúng cumhachtaí agus feidhmeanna atá ag an gcóras rialtais áitiúil sa tír seo. Mar sin, is beag cúraimí sóisialta agus cultúrtha atá acu, agus ní bheadh sé ina chúis iontais dá mbeidís mall chun a leithéid de chúraimí a chur chun tosaigh agus an plean forbartha á ullmhú acu.

Cúram sóisialta tábhachtach amháin atá ag na húdaráis áitiúla is ea an tithíocht, agus d'fhéadfadh na comhairlí contae a bhfuil ceantair Ghaeltachta faoina gcoimirce an-leas a dhéanamh don Ghaeltacht - go háirithe i limistéir atá faoi bhrú forbartha faoi láthair - trí phríomhaíocht a thabhairt do thithe a chur ar fáil do theaghlaigh Ghaeltacha laistigh den Ghaeltacht. Ach faraor arís, níl se ceadaithe do na húdaráis áitiúla ceisteanna cultúrtha a chur san áireamh ó thaobh tógála agus dáileadh tithíochta de. Ina theannta sin, braitheann na húdaráis ar an méid airgid a chuireann an tAire Comhshaoil ar fáil dóibh i gcomhair tithíochta, agus tá an méid sin laghdaithe go mór le blianta beaga anuas. Is é sin, fiú dá mba mhaith leo rud éigin faoi leith a dhéanamh chun tithíocht a chur ar fáil do mhuintir na Gaeltachta laistigh den Ghaeltacht, is beag is féidir leo a dhéanamh de dheasca a laghad smachta atá acu ar an gcóras faoina maoinítear iad. Ní hamháin go gcinneann an rialtas i mBaile Átha Cliath an méid airgid a bheidh le caitheamh ag na húdaráis áitiúla, ach leagann sé amach go beacht conas ba chóir dóibh an t-airgead sin a úsáid.

FADHBANNA EILE PLEANÁLA DON GHAELTACHT

Agus a laghad feidhmeanna agus cumhachtaí atá ag na húdaráis áitiúla in Éirinn á chur san áireamh againn, is léir gurb é an rialtas lárnach i mBaile Átha Cliath atá freagrach as an gcuid is mó de na seirbhísí poiblí a théann i bhfeidhm ar shaol áitiúil an ghnáthshaoránaigh, mar shampla an córas leasa shóisialaigh, an t-oideachas, an t-iompar poiblí agus an córas póilíneachta. Ar ndóigh, i measc na dtíortha forbartha ar baill iad den Eagraíocht um Chomhoibriú agus Fhorbairt Eacnamaíoch (OECD), is í an Nua-Shéalaínn an t-aon tir a bhfuil céatadán níos lú den chaiteachas poiblí faoi choimirce na rialtas áitiúil inti ná Éire.

Fásann an-chuid fadhbanna pleanála as córas rialtais atá chomh láraithe agus atá sé in Éirinn, go háirithe ó thaobh comhoibrithe agus comhordaithe idir an iliomad ranna agus eagraíochtaí stáit a bhfuil tionchar acu ar chúrsaí ag an leibhéal áitiúil (suas le 25 acu ar an gcomhaireamh deireanach). Ní hamháin nach bhfuil struchtúir ann chun gur féidir leis na heagraíochtaí seo comhoibriú lena chéile ar bhonn leanúnach ag an leibhéal áitiúil, níl aon struchtúir éifeachtacha ann chun comhoibriú agus comhordú a chur i bhfeidhm eatarthu ag an leibhéal náisiúnta ach an oiread, toisc an t-éad agus an iomaíocht atá idir na ranna stáit i gcoitinne.

Seachas fadhbanna comhordaithe idir na heagraíochtaí stáit, fásann fadhbanna breise as chomh láraithe agus atá an córas, toisc go gcumtar polasaithe laistigh de gach eagraíocht faoi leith ag an leibhéal seo - polasaithe caighdeánacha nach bhfuil mórán tuisceana acu ar dhifríochtaí áitiúla ó thaobh acmhainní agus fadhbanna de. Mar sin, fágtaí acmhainní suntasacha ar lár, agus riachtanais áitiúla gan réiteach.

Leanann an-chuid torthaí ó na fadhbanna pleanála thuashuaite, ar droch-thorthaí iad ó thaobh leas na Gaeltachta de. Mar shampla - agus is rud é seo atá beagnach do-chreidte - níor chum Rialtas na hÉireann polasaí oideachais faoi leith don Ghaeltacht ariamh, .i. polasaí oideachais a bheadh dírithe ar na riachtanais speisialta atá ag an nGaeltacht. Is toradh é seo arís ar chomh láraithe agus atá an córas oideachais in Éirinn - córas nach féidir leis eisceacht a dhéanamh de chás faoi leith na Gaeltachta uaidh féin, agus córas nach féidir le haon roinn stáit eile (Róinnt na Gaeltachta go háirithe) cur isteach air.

Fadhb eile faoi leith a thagann salach ar chaomhnú na Gaeltachta ná go bhfuil sé an-deacair ag pobal na Gaeltachta seirbhís a fháil ó na heagraíochtaí stáit trí mheán na Gaeilge. Is í an chúis atá leis sin ná go gcuireann na heagraíochtaí stáit na seirbhísí seo ar fáil ar bhonn tíreolaíoch nach gcuireann toscaí faoi leith na Gaeltachta san áireamh. Mar sin,

lonnaítear na hoifigí stáit sna bailte móra ionas go mbeidh gach ceann acu ag freastal ar dhaonra caighdeánach atá sách mór. Toisc go bhfuil daónra scapithe tuaithe ag an nGaeltacht, ní fhaigheann sí oifigí dá cuid féin, agus cuirtear iachall ar mhuintir na Gaeltachta dul go díí oifigí poiblí sa Ghalltacht - oifigí nach bhfuil dirithe ar an muintir sin agus a riachtanais chultúrtha faoi leith. Arís, ní féidir le córas láraithe déileáil le riachtanais eisceachtúla ag an leibhéal áitiúil - fiú amháin i gcás ceiste atá chomh tábhachtach le caomhnú na Gaeltachta, a bhfuil áit lárnach tugtha dó i mBunreacht an stáit.

MOLTAÍ AR CHÓRAS NUA PLEANÁLA DON GHAELTACHT

Gan aon amhras, is ceist an-chasta í caomhnú agus forbairt na Gaeltachta. Ach ní haon leithscéal é seo chun failí a dhéanamh sa cheist, mar atá déanta ag gach rialtas náisiúnta le blianta beaga anuas. Ach má taimid chun córas éifeachtach pleanála a chumadh don Ghaeltacht, caithfear prionsabail bhunúsacha a aithint ar dtús, agus caithfear córas a cheapadh a bheidh bunaithe ar na prionsabail seo. Go dtí seo, níl feicthe againn i gcás chaomhnú na Gaeltachta ach scéimeanna *ad hoc*, nó scéimeanna bunaithe ar chíúnsí gearrthéarmacha (dirithe go minic ar riachtanais pholaitiúla amháin).

An Gá Le Pleanáil Chuimsitheach Chombordaithe

Is é an chéad phrionsabal a bhaineann leis an bpleanáil ná go gcaithfidh sí a bheith cuimsitheach agus comhordaithe má tá sí le bheith éifeachtach. Is é sin, tá an saol eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus timpeallachta fite fuaite ina chéile, agus ní féidir pleanáil ar leith a dhéanamh d'aon cheann acu seo gan na cinn eile a chur san áireamh ag an am céanna. Ach níl aon struchtúir sa tir seo chun pleanáil chomhordaithe a chur i gcrích, mar nach bhfuil na cumhachtaí cuí ag an leibhéal áitiúil, agus níl an comhordú cuí á dhéanamh ar na háisínteachtaí stáit ag a bhfuil na cumhachtaí atá ag teastáil ag an leibhéal áitiúil.

Ar ndóigh, níl aon amhras nach féidir pleanáil éifeachtach a dhéanamh don leibhéal áitiúil ach ag an leibhéal sin. Mar sin, is é an dara prionsabal ná go gcaithfear raon leathan cumhachtaí agus feidhmeanna a dhilárú go dtí an leibhéal áitiúil chun gur féidir pleanáil éifeachtach a dhéanamh ag an leibhéal sin. Baineann an argóint seo le gach saghas pleanála, ach baineann sé go háirithe leis an nGaeltacht, toisc chomh háitiúil agus atá sí, agus toisc na ceisteanna faoi leith cultúrtha agus teanga a bhaineann leis an nGaeltacht.

Gníomb don Ghaeltacht

Gan aon amhras, ní smaointe úra atá sa tuairimíocht seo. Chonacthas na smaointe céanna i dtuarascáil faoi fhorbairt na Gaeltachta a foilsíodh chomh fada siar leis an mbliaín 1971. *Gníomb don Ghaeltacht (An Action Programme for the Gaeltacht)* ab ainm don tuarascáil sin, a d'ullmhaigneaitheal oibre a chuir Aire Gaeltachta an ama, Seoirse Ó Colla, ar bun. Tháinig trí chonclúid ghinearálta ón tuarascáil seo - conclúidí a bhí an-ghéarchúiseach agus fad-radharcach don am. Ba iad sin:

- gur próiseas ilgħnéitheach é forbairt na Gaeltachta, le hathruithe eacnamaiocha, sóisialta, cultúrtha agus teanga fite fuata ina chéile. Mar sin, bhí gá le clár comhordaithe chun forbairt éifeachtach a chur i bhfeidhm - forbairt a mbeadh "caomhnú, saibhriú agus leathnú na Gaeilge sa Ghaeltacht" mar phríomhchuspóir aici;
- go raibh an iomarca gníomhaireachtaí a raibh feidhm éigin forbartha acu laistigh den Ghaeltacht, ach nach raibh dóthain tuisceana acu ar riachtanais speisialta na Gaeltachta. Mar sin, bhí gá le gníomhaireacht amháin a mbeadh cúram forbartha na Gaeltachta uirthi agus a bheadh in ann comhordú a dhéanamh idir na feidhmeanna éagsúla forbartha;
- nach raibh aon pháirtíocht dhíreach ag pobal na Gaeltachta sna gníomhaireachtaí forbartha mar a bhí ann ag an am, agus go gcaithfeadh an pháirtíocht seo a bheith acu sa ghníomhaireacht chomhordaithe forbartha a bhí á moladh ag an tuarascáil.

Mar sin, ba é príomhfholaodh na tuarascála ná go mbunófaí eagraíocht dar theideal Údarás na Gaeltachta, a bheadh freagrach as forbairt eacnamaioch, shóisialta, chultúrtha, teanga agus fhisiciúil na Gaeltachta. Ach faraor, nuair a bunaodh eagraíocht leis an teideal seo ar deireadh thiar i 1980, bhí sí an-difriúil ón eagraíocht ilghnéitheach a bhí ar intinn ag *Gníomh don Ghaeltacht*. I ndáiríre, ní raibh inti ach Gaeltarra Éireann (an eagraíocht fhobhartha a bhí ann roimh an Údarás) le hainm nua agus struchtúr stiúrtha nua, sa mhéid is gur toghadh an tromlach in ionad iad a bheith ceaptha ag an Aire. Agus cé go ndúradh san Acht a chuir an tÚdarás ar bun go bhféadfáí cumhachtaí breise a thabhairt don eagraíocht, níor deineadh é sin riamh ina dhiaidh sin.

Athchóiriú ar an gCóras Rialtais Áitiúil

Sa bhliain chéanna inar foilsíodh *Gníomh don Ghaeltacht*, d'fhoilsigh an rialtas náisiúnta Páipéar Bán a gheall go ndéanfaí athchóiriú radacach ar chóras rialtais áitiúil na hÉireann. Gan amhras, chualathas an gheallúint chéanna ó neart rialtas ó shin, agus táimid fós ag feitheamh ar chomhlíonadh na geallúna seo. Ar ndóigh, cé go bhfuil gach tir eile san Eoraip tar éis ar a laghad athchóiriú bunúsach amháin a dhéanamh ar an gcóras rialtais áitiúil ón dara cogadh domhanda i leith, mar fhreagra ar athruithe móra daonra, eacnamaiochta agus teicneolaiochta, tá an tir seo fós ag feidhmiú le córas a cumadh ag deireadh an naoú haois déag, agus atá bunaithe ar limistéir mheánaoiseacha. Gan amhras, tharla athruithe sa chóras ó céadbhunaíodh é, ach tríd is tríd bhain na hathruithe seo le cumhachtaí a thógáil ón leibhéal áitiúil agus iad a láru i mBaile Átha Cliath.

Níl fágtha, mar sin, ach córas suarach a bhfuil drochimheas ag pobal na tíre i gcoitinne air. Ag an am céanna, níl aon ghluaiseacht pholaitiúil nó fiú amháin brúghrúpa ann atá ag lorg go leasófaí an córas. Gan amhras, de bhí nach bhfuil aon chur amach ag muintir na hÉireann ar aon saghas córais eile, ní thuigeann siad go bhféadfadh córas i bhfad níos fearr a bheith againn.

An Rialtas Áitiúil sa tSualainn

Ba mhaith liom ag an bpoínte seo cur síos gearr a dhéanamh ar a leithéid de chórás eile - córas a bheadh i bhfad ní b'oiriúnaí do riachtanais na Gaeltachta, dá mbeadh sé i bhfeidhm anseo in Éirinn. Táim ag tagairt don chórás rialtais áitiúil atá acu sa tSualainn. Seo thír Eorpach nach bhfuil i bhfad níos mó ná Éire ó thaobh daonra de (thart ar 8.7 milliún), ach thír a chuireann dea-eagar uirthi féin, má táimid chun an caighdeán ard maireachtála atá aici a chur san áireamh.

Sa thír sin, is é an t-aonad bunúsach sa chórás rialtais áitiúil ná an pobal áitiúil nó an "común". Tá 286 acu seo ann ar fad. Fágann sin go bhfuil siad, i gcoitinne, i bhfad níos lú ó thaobh daonra de ná na contaetha in Éirinn - tá daonra níos lú na 16,000 ag a leath díobh. Dá ainneoin sin, tá réimse an-leathan cumhactaí acu, mar a léiríonn an tábla. D'fhéadfá a rá go gcuirtear an chuid is mó de riachtanais phoiblí laethúla an phobail ar fáil ag an leibhéal seo. Tá na comúin seo faoi stiúradh comhairleoirí tofa, le duine amháin díobh ar a laghad (an maor) ag feidhmiú go lánaimseartha. Ar ndóigh, de bharr an réimse leathan cumhactaí atá acu agus atá an-tábhachtach i ngnáthshaol an phobail, tríd is tríd bíonn daoine den scoth ag lorg áiteanna ar na comúin sna toghcháin áitiúla.

Tagaín a leath d'ioncam na gcomún ó cháin ioncaim a íocann na háitritheoirí go díreach leis na comúin. Ciallaíonn sin go bhfeiceann na háitritheoirí go díreach an ceangal atá idir na cánacha a íocann siad agus na seirbhísí a fhaigheann siad mar mhalaírt ar na cánacha sin - rud nach féidir a rá i gcás na hÉireann. Agus cé go leagann an rialtas náisiúnta síos caighdeáin bhunúsacha do na seirbhísí a chuireann na comúin ar fáil, bíonn difríochtaí suntasacha idir chomúin sa ráta cánach ioncaim a ghearrtar go háitiúil, rud a thaispeánann chomh neamhspleách agus atá na comúin. Faigheann na comúin an chuid eile dá gcuid ioncaim ó tháillí ar sheirbhísí agus ó dheontais ón rialtas náisiúnta (go háirithe chun cabhrú le comúin bhochta ionas gur féidir leo seirbhísí ag an mbunleibhéal a sholáthar).

AN RIALTAS ÁITIÚIL SA TSUALAINN

Fairsinge: 175,000 míle cearnach **Daonra:** 8.7 milliún

An Leibhéal Áitiúil: Na Comúin

Líon: 286 **Meándaonra:** 16,000

Feidhmeanna

Bun- & Meánoideachas
Cúram Leanaí & Seandaoine
Leas Sóisialach & Cúnamh Difhostaíochta
Pleanáil Fhisiciúil
Áiseanna Siamsaíochta (Cultúrtha & Coirp)
Soláthar Uisce & Séarachais
Cothabhlí Timpeallachta
Sláinte Phoiblí
Iompar Poiblí
Seirbhísí Éigeandála

Ioncam

Cáin Ioncaim (50%); Deontais Stáit (20%); Táillí (30%)

An Leibhéal Réigiúnach: Na Contaetha

Líon: 24 **Meándaonra:** 270,000

Feidhmeanna

Cúram Sláinte
Cúram Daoine Míchumasacha
Iompar Poiblí
Forbairt Réigiúnach

Ioncam

Cáin Ioncaim (80%); Deontais Stáit (10%); Táillí (10%)

Is é an dara leibhéal i gcóras rialtais áitiúil na Sualainne ná na contaetha. Ach, mar is féidir a fheiceáil ón tábla, tá siad seo, ar an meán, i bhfad níos mó ó thaobh daonra de, ná a macasamhla in Éirinn. I ndáiríre, is leibhéal réigiúnach é an leibhéal rialtais seo. I gcomparáid leis na comúin, tá raon antoranta feidhmeanna ag an leibhéal seo - cúram sláinte agus forbairt réigiúnach go príomha.

Faigheann na contaetha an chuid is mó dá gcuid ioncaim go díreach ó cháin ioncaim freisin. Fágann sin nach bhfuil de chúramí ar an rialtas náisiúnta ach gnótháí eachtracha, cosaint, an córas dlí is cirt, agus a leithéid, cé go bhfuil an córas ardoideachais mar chúram lárnach air freisin.

An Córas Sualannach agus an Ghaeltacht

Dá gcurfí an córas seo i bhfeidhm in Éirinn, chiallódh sé go bhféadfáí roinnt mhaith común a chruthú a bheadh beagnach go hiomlán laistigh den Ghaeltacht. Dá mbeadh na cumhactaí céanna ag na comúin seo agus atá acu sa tSualainn, bheadh siad in ann an-chuid seirbhísí poiblí a chur ar fáil iad féin, agus trí mheán na Gaeilge, leis. In theannta sin, bheadh na comúin Ghaeltachta seo in ann polasaithe a chumadh a bheadh oiriúnach don phobal áitiúil i dtaoibh na seirbhísí sin (agus an bhunscolaíocht agus an mheánscolaíocht ach go háirithe).

Buntáiste breise a rachadh leis seo ná go dtabharfadh sé spreagadh dóibh siúd atá ina gcónai sa Ghaeltacht, ach ar Béarlóirí iad, an Ghaeilge a úsáid, toisc go mbeadh sí ina gnáthmheán d'an-chuid seirbhísí poiblí. Ar ndóigh, ós rud é go mbeadh smacht ar an bpleanáil fhisiciúil ag na comúin Ghaeltachta, d'fhéadfaidís srian a chur le daoine Gallda a bheith ag cur fúthu sa Ghaeltacht, nó a bheith ag tógáil nó ag ceannach tithe saoire inti. Fuair Comhairle Chontae an Chláir an-phoiblíocht i rith 1999 nuair a d'fhogair siad go raibh sé ar intinn acu cead pleánala a shéanadh ar strainséirí i limistéir éagsúla ar fud an chontae. Cé go ndúirt daoine áirithe go raibh a leithéid de

chinneadh in aghaidh an daonlathais agus, b'fhéidir, an bhunreachta, i dtíortha Eorpacha eile (an Bhreatain san áireamh) tá rialacha den saghas seo mar ghnáthchuid den chóras pleannála.

Buntáiste eile leis an gcóras Sualannach ná go gcuirfeadh na comúin an-chuid fostáiochta ar fáil (go háirithe do mhna) laistigh den Ghaeltacht - fostáiocht atá lonnaithe faoi láthair i mBaile Átha Cliath nó sna cathracha móra eile. I gcomúin bheaga iargúlta sa tSualainn (cosúil leis na ceantair Ghaeltachta in Éirinn), tagann níos mó ná aon trian den fhostaiocht ón gcóras rialais áitiúil. Cabhraíonn sé seo leis an daonra a choimeád, agus le cothromaiocht shóisialta a chaomhnú sa daonra sin.

Leis an gcóras Sualannach, d'fhéadfáí contae amháin a chruthú as na comúin Ghaeltachta. Leis na háiseanna teileachumarsáide atá ar fáilanois, níl aon ghá go mbeadh gach contae ina limistéar leanúnach tíreolaíoch. D'fhéadfadh comhairle chontae Ghaeltachta comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a bheadh ar siúl ag na comúin Ghaeltachta. D'fhéadfadh an chomhairle, freisin, polasaí comhordaithe forbartha eacnamaíoch a chur i bhfeidhm, le hÚdarás na Gaeltachta faoina stiúradh aici. Ba mhaith an rud é freisin, dá gcuirfeadh a leithéid de chomhairle chontae coláiste tríú leibhéal ar bun a d'fhreastalódh ar riachtanais faoi leith oideachais agus traenála na Gaeltachta (trí mheán an chianoideachais, de réir mar ba ghá).

Ceist Theorainneacha na Gaeltachta

Gan amhras, mar chuid den athchóiriú atá á mholadh agam anso, bheadh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar theorainneacha na Gaeltachta. Níl aon bhrí ag baint leis na teorainneacha seo faoi láthair in an-chuid áiteanna, agus go háirithe in aice le cathair na Gaillimhe. Ach ba chóir an t-athbhreithniú seo a dhéanamh ar bhonn pleannála teanga - pleannáil a mbeadh fíos fhadteármach ag baint léi. Mar sin, choimeádfaí laistigh den Ghaeltacht limistéir imeallacha tuaithe a bhí tráth ina nGaeltachtaí agus go mb'fhéidir go bhféadfaí an

Ghaeilge a chothú iontu an athuair. Arís, toisc go mbéadh an Ghaeilge mar ghnáthmheán don raon leathan seirbhísí a bheadh á soláthar ag na comúin Ghaeltachta, thabharfadhl sé seo spreagadh do mhuintir na límistéar imeállach seo an Ghaeilge a úsáid agus iad ag plé leis na seirbhísí seo.

FÓRSAÍ LÁIDRE I gCOINNE AN ATHCHÓIRITHE

Ní dóigh liom go bhféadfaí an struchtúr rialtais agus pleála atá á mholadh agam anseo don Ghaeltacht a chur i bhfeidhm gan a leithéid a chur ar bun ar fud na tíre. Ach tá fadhb an-bhunúsach ag baint leis seo. Tá idir pholaiteoirí agus mhaorlathas lárnach na tíre seo glan i gcoinne athruithe bunúsacha sa chóras rialtais. Níl aon mhaorlathas ann atá sásta cumhachtaí a scaileadh uaidh go deonach (rud a bheadh riachtanach i gcás an díláraithe). Agus, de thoradh an córas rialtais in Éirinn a bheith chomh láraithe agus atá, feidhmíonn na Teachtaí Dála go príomha mar idirghabhálaithe idir an gnáthdhuiine ag an leibhéal áitiúil agus an státseirbhís lárnach. Leis an athstruchtúrú sa chóras rialtais agus riarracháin atá á mholadh anseo, chaillfeadh na Teachtaí Dála an fheidhm seo, rud nach n-oifeadh dóibh.

Is féidir an drochmheas atá ag an stát lárnach in Éirinn ar an rialtas áitiúil a fheiceáil in an-chuid slite. Tá sé le feiceáil i dteip an rialtais aon athstruchtúrú bunúsach a dhéanamh ar an gcóras le céad bliain anuas (rud a léiríonn chomh neamhthábhachtach agus atá an córas seo i saol na tíre). Tá sé le feiceáil sa Bhunreacht Náisiúnta, cáipéis nach luann an córas rialtais áitiúil ach i gcás thoghadh ionadaithe don Seanad. Tá sé le feiceáil sa chaoi inar shéan an rialtas an Coinbhínsean Eorpach um Rialtas Áitiúil a shíniú go dtí le déanaí, cé go raibh sé síníthe ag na baill eile le blianta beaga anuas. Agus, b'fhéidir níos mó ná aon rud eile, tá drochmheas an rialtais le feiceáil sa chaoi inar chuir rialtais éagsúla na toghcháin áitiúla siar go rialta síos trí na blianta.

Tá an-chuid ráite agus geallta ag an Aire Comhshaoil atá ann faoi láthair,

Nollaig Ó Díomasaigh, i dtaobh athchóiriú radacach a dhéanamh ar an gcóras rialtais áitiúil. Ach, má dhéantar staidéar ar na moltaí atá foilsithe aige, is é atá i gceist aige ná modhanna nua maoinithe agus eagraithe do na húdaráis áitiúla a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na bhfeidhmeanna teoranta atá acu cheána féin. Is beag cumhachtaí nó feidhmeanna nua atá le tabhairt dóibh. Agus níl anseo go fóill ach moltaí agus geallúintí - rudai a tháinig go tiubh agus go leanúnach - ach gan toradh - ó na hAiri éagsúla a d'imir roimhe.

CRÍOCH

Mar a scríobhadh thusas, níl aon ghluaiseacht láidir ag teacht ón bpobal anuas atá ag lorg an saghas athchóirithe a d'fhéadfadh difríocht shuntasach a dhéanamh. Cé go bhfuil borradh mór tagtha ar an ngluaiseacht fhobhartha pobail le blianta beaga anuas, agus cé go dtuigeann díograiseoirí agus gníomhaithe na gluaiseachta seo an dianghá atá le hathruithe bunúsacha sa chóras, níl an ghluaiseacht eagraithe chun an brú cuí a chur i bhfeidhm. Deirtear, leis an mborradh iontach eacnamaíoch atá tite amach in Éirinn le roinnt blianta anuas, go ndíreoidh an pholaitíocht níos mó ar cheisteanna sóisialta agus daonna, an daonlathas ina measc. B'fhéidir go bhfásfaidh gluaiseacht ar son an daonlathais áitiúil uaidh seo. Go dtí sin, is é tuairim an údair seo i dtaobh leasuithe bunúsacha sa chóras rialtais áitiúil in Éirinn nach bhfeicfear amach anseo ach óráidí móra agus athruithe beaga.